| | | |
|---|---|---|
| **1.** | Cén caitheamh aimsire atá agat?<br>Cad a dhéanann tú don spraoi? | What is your pastime?<br>What do you do for fun? |
| **2.** | Cad is maith leat a dhéanamh taobh amuigh?<br>An imríonn tú spórt ar bith?<br>An mbíonn tú ag rith?<br>An dtéann tú amach ag siúl?<br>An bhfuil snámh agat?<br>An dtéann tú ag dreapadóireacht?<br>An dtéann tú ag seoltóireacht? | What do you like to do outside?<br>Do you play any sport?<br>Do you run?<br>Do you go out walking?<br>Can you swim?<br>Do you go climbing?<br>Do you go sailing? |
| **3.** | An dtéann tú amach chun aon rud faoi leith a dhéanamh istoíche?<br>An bhfaca tú aon scannán le déanaí?<br>An ndeachaigh tú chuig ceolchoirm?<br>An nglacann tú páirt i seisiún ceoil?<br>Cén bhialann is fearr leat?<br>An raibh tú in iarsmalann le déanaí? | Do you go out to do anything in particular at night?<br>Did you see any movie lately?<br>Did you go to a concert?<br>Do you take part in music sessions?<br>What’s your favorite restaurant?<br>We you in a museum lately? |
| **4.** | Cad is maith leat a dhéanamh sa bhaile?<br>An imríonn tú cluichí boird?<br>An imríonn tú cluichí cártaí?<br>Cén clár teilifíse is fearr leat?<br>An mbíonn tú ag éisteacht le ceol?<br>Cén saghas leabhar a léann tú?<br>An mbaineann tú taitneamh as a bheith ag cócaráil? | What do you like to do at home?<br>Do you play board games?<br>Do you play card games?<br>What is your favorite televisions program?<br>Do you listen to music?<br>What type of books do you read?<br>Do you enjoy cooking? |

| | **Barragram - Ciarraí** | **Barragram – Kerry** |
|---|---|---|
| **1.** | Bhí an-chraic agam féin agus Máire, ach anois buailfidh mé le muintir na háite – damhsoirí Jamie agus Tríona, sa Daingean. | Mary and I had a great time, but now we will meet with the local people – dancers Jamie and Tríona, in Dingle. |
| **2.** | *Okay*, i mo cheann bhí mé i bhfad níos fearr aige sin. | Okay, I was much better at that in my head. |
| **3.** | Táim chun iarraidh ar an Oireachtas catagóir nua a bhunú – Péist na bhFear. | I'm going to ask the Oireactas to start a new category – Men's Worm. |
| **4.** | Céard a mhúinfidh sibh dom inniu? | What will you teach me today? |
| **5.** | Tánn tú chun píosa beag rince Gaelach a fhoghlaim. | You're going to learn a small bit of Irish dance. |
| **6.** | Taispeáin aon rud dom, más é do thoil é. | Show me one thing, please. |
| **7.** | B'fhéidir nár thuig sibh é seo sa bhaile, ach bhí mé i mo dhamhsóir proifisiúnta i m'óige, agus tháinig sé ar fad ar ais agus mé i gCiarraí. | Perhaps you didn't understand this at home, but I was a professional dancer when I was young, and it all came back to me in Kerry. |
| **8.** | Ceart go leor, an bhfuil sibh réidh? Tá. | Okay, are you ready? Yes. |
| **9.** | An bhfaca sibh é sin? | Did you see that? |
| **10.** | Agus céad faoin gcéad ní cosa Jamie agus eagarthóireacht chliste a bhí ann sin. Céad faoin gcéad. | And one hundred percent that wasn't Jamie's feet and clever editing. One hundred percent. |
| **11.** | Ar aghaidh linn go rang potadóireachta anois, i siopa an photadóra chlúite, Louis Mulcahy. | On we go to a pottery class now, in the shop of the famous potter, Louis Mulcahy. |
| **12.** | Bhuel, a Lasse, céard a dhéanaimid inniu. | Well, Lasse, what will we do today? |
| **13.** | Tabharfaimid fé *vase* b'fhéidir, ar dtús agus muna n-oibríonn sin, rachaidh mé go babhla nó pláta. | We should try a vase, perhaps, at first, and if that doesn't work I'll go for a bowl or plate. |
| **14.** | Rud éigin éasca. Rud éigin éasca. | Something easy. Something easy. |
| **15.** | Tá an *Dirty Dancing* ann. Anois le feiceáil, an bhfuil bua Patrick Swayze sa photadóireacht agam. | There's the *Dirty Dancing*. Now let's see, do I have Patrick Swazye's gift for pottery? |
| **16.** | Ceann nua déanta ansan. Sin sibhse anois. Tabharfaidh sibh fé? | A new one made there. You now. You will take it on. |
| **17.** | Táimid réidh. Táimid réidh. | We're ready. We're ready. |
| **18.** | B'fhéidir tuilleadh uisce. *Oh yeah.* | Perhaps more water. *Oh yeah.* |
| **19.** | Féach air seo. | Look at this. |
| **20.** | Bhí cuma i bhfad níos éasca air nuair a rinne seisean é. Tá smacht iomlán caillte agam air. | It seemed a lot easier when he did it. I've completely lost control of it. |
| **21.** | Tá mo cheannsa uafásach. | My one is terrible. |
| **22.** | DJ Barra ar na *decks*. | DJ Barra on *the decks.* |
| **23.** | Féach ar do cheannsa. Tá sé go han-mhaith. | Look at mine. It's great. |
| **24.** | Tá sé an-deacair, nach bhfuil. Yeah, sin é. | It's very difficult. Isn't it. *Yeah*, that's it. |
| **25.** | An bhfuil poll in ainm is a bheith i mo cheannsa? | Is mine supposed to have a hole it. |